HC12N

DEARBHÚ MUIRIR THEAGHLAIGH FOIRM CHLÁRÚCHÁIN CUNTAIS NUA

Household Charge
Funding your local services

A. UPSP / Uimhir Ioncaim Chánach (d'Úinéir na Réadmhaoine Cónaithe Féach ar Nóta A **)**

Má tá do thír chónaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus muna bhfuil Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) / Uimhir Ioncaim Chánach (TRN) agat, cuir tic sa bhosca seo le do thoil ☐

B. Sonraí Úinéara Réadmhaoine Cónaithe (Féach ar Nóta B) ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Céad Ainm

Sloinne

Ainm Cuideachta(Más infheidhmithe)

Teagmháil Cuideachta:

Céad Ainm

Sloinne

Comhfhreagras Seoladh

Contae

Tír

Uimhir Teileafóin

Uimhir Fóin Phóca

Seoladh Ríomhphoist

Cuir tic sa bhosca (sna boscaí) muna dteastaíonn fógraí meabhrúcháin uait: ☐ Trí Fhón Póca ☐ Trí Ríomhphost

C. CEIST SLÁNDÁLA – Roghnaigh ceist amháin le do thoil (Féach ar Nóta C) ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

☐ (a) Cad é sloinne do mháthar roimh phósadh? ☐ (b) Cén t-ainm atá ar do pheata?

☐ (c) Cár rugadh tú? ☐ (d) Cá bhfuil do chuideachta lonnaithe?

Freagra

Úsáid Oifige Amháin

Cód Tagartha Cuntais um Muirear Teaghlaigh:	**STAMPA BIÚRÓ MUIRIR THEAGHLAIGH & DATAÍ**	**UIMHIR LOGA:**
Aitheantas Cóid Íocaíochta:		

Household Charge
Funding your local services

D. IONAID RÉADMHAOINE LE CLÁRÚ – *ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL*

Má tá seoladh na réadmhaoine le clárú mar an gcéanna leis an seoladh comhfhreagrais, cuir tic sa bhosca seo le do thoil ☐

Réadmhaoin 1

Seoladh

Contae

Contae/Cathair Comhairle

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

Ar leat an réadmhaoin seo ar 1 Eanáir 2012? ☐ Ba liom ☐ Níor liom (Féach ar Nóta D)

Cónasc Soláthair Uisce: Cén sórt cónasc soláthair uisce atá ag do réadmhaoin?

☐ Príomhlínte Poiblí ☐ Tobar Príobháideach ☐ Níl soláthar uisce trí phíopaí ann ☐ Grúpscéim Uisce

Ainm Grúpa

Tarscaoileadh: An bhfuil tú i dteideal tarscaoilte ó íocaíocht an Mhuirir Theaghlaigh? ☐ Tá ☐ Níl (Féach ar Nóta D)

Má Tá, roghnaigh cineál tarscaoilte le do thoil: ☐ Forlíonadh Ús Morgáiste ☐ Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe

Réadmhaoin 2 ***ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL***

Seoladh

Contae

Contae/Cathair Comhairle

Cineál Réadmhaoine ☐ Teach ☐ Árasán ☐ Mionárasán

Ar leat an réadmhaoin seo ar 1 Eanáir 2012? ☐ Ba liom ☐ Níor liom (Féach ar Nóta D)

Cónasc Soláthair Uisce: Cén sórt cónasc soláthair uisce atá ag do réadmhaoin?

☐ Príomhlínte Poiblí ☐ Tobar Príobháideach ☐ Níl soláthar uisce trí phíopaí ann ☐ Grúpscéim Uisce

Ainm Grúpa

Tarscaoileadh: An bhfuil tú i dteideal tarscaoilte ó íocaíocht an Mhuirir Theaghlaigh? ☐ Tá ☐ Níl (Féach ar Nóta D)

Má Tá, roghnaigh cineál tarscaoilte le do thoil: ☐ Forlíonadh Ús Morgáiste ☐ Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe

(Má tá níos mó ná dhá ionad réadmhaoine le clárú – cuir foirm bhreise HC12A leis le do thoil)

E. DEARBHÚ & SÍNIÚ (Féach ar Nóta E) - Dearbhaím go bhfuil an réadmhaoin á clárú / na hionaid réadmhaoine á gclárú faoi dhliteanas an Tá Muirear Teaghlaigh agus an fhaisnéis a soláthraíodh i gceart

Síniú Úinéara Réadmhaoine / Síniú Gníomhaire

Dáta

Household Charge
Funding your local services

F. SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA – ***Caithfear íocaíocht a dhéanamh in EURO*** (Féach ar Nóta F)

LE HAGHAIDH ROGHA DOCHAIR DHÍRIGH FÉACH AR CHUID G AR LEATHANACH 4

Seic nó Dréacht-Íocaíocht Bainc Iníoctha do **"Muirear Teaghlaigh"**

☐ Seic ☐ Dréachtsheic Bainc

Uimhir Seic

Cód Sórtála Bainc

Amount €

Íocaíocht Ordaithe Phoist Iníoctha do **"Muirear Teaghlaigh"**

Uimhir Ordaithe Phoist

Méid €

Íocaíocht Cárta

☐ Visa ☐ Mastercard ☐ Léasar

Uimhir Cárta

Dáta Éagtha

Ainm Shealbhóir Cárta

Síniú Shealbhóir Carta

Méid €

Household Charge
Funding your local services

G. SAINORDÚ DOCHAIR DHÍRIGH (Féach ar Nóta G) – *ÚSÁID BLOCLITREACHA LE DO THOIL*

NÓTA: Caithfear sainorduithe comhlánaithe agus sínithe a bheith faighte roimh 1 Márta 2012

Más é do thoil é, comhlánaigh agus sínigh an fhoirm seo agus seol ar ais chugainn í le treorú do Bhainc na híocaíochtaí a dhéanamh go díreach ó do chuntas le haghaidh íocaíochta don Mhuirear Teaghlaigh

DD plus

Tionscnóir: Bord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB), Rannóg Muirir Theaghlaigh, Bosca Oifig Phoist 12168, Baile Átha Cliath 1

Uimhir Aitheantais Tionscnóra (OIN) 350136

Tagairt Tionscnóra: *Úsáid Oifige Amháin*

Sonraí Shealbhóir Cuntais:

Ainm

Seoladh

Sonraí Bainc / Cumainn Fhoirgníochta

Banc / Cumann Foirgníochta

Brainse

Seoladh Brainse:

Ainm Cuntais

Cód Sórtála Uimhir Cuntais

Chun íocaíocht a dhéanamh trí Dhochar Díreach, beidh ort seo a leanas a dhaingniú:

1. Is mé sealbhóir ainmnithe cuntais an chuntais le muirearú ☐ Tá
2. Is cuntas Phoblacht na hÉireann é an cuntas bainc ☐ Tá
3. Ní gá le sínitheoir breise don chuntas seo chun Dochar Díreach a bhunú ☐ Tá
4. Is féidir leis an gcuntas agus leis an mbanc glacadh le Dochair Dhíreacha ☐ Tá

Do threoracha don Bhanc agus do Shíniú

- Treoraím agus údaraím thú chun Dochair Dhíreacha a íoc ó mo chuntas ar iarraidh an Bhoird Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB).
- Daingním gur méideanna athraitheacha iad na méideanna le muirearú agus gur féidir iad a mhuirearú ar dhátaí éagsúla.
- Cuirfidh mé in iúl don Bhanc i scríbhinn más mian liom an treoir seo a chealú. Cuirfidh mé aon chealú mar sin in iúl don Bhord Seirbhísí Ríomhaireachta Rialtais Áitiúil (LGCSB) freisin.

An Rathaíocht Dochair Dhírigh

- Is rathaíocht í seo a sholáthraíonn do Bhanc féin mar Bhall na Scéime um Dhochar Díreach, ina nglacann Bainc agus Tionscnóirí Dochar Díreach páirt.
- Má údaraíonn tú íocaíocht trí Dhochar Díreach, ansin
  - Cuirfidh do Thionscnóir Dochair Dhírigh ar an eolas thú roimh na méideanna a mhuirearú ar do chuntas
  - Glacfaidh do bhanc le dochair mar sin agus íocfaidh sé astu, má tá dóthain airgid le fáil i do chuntas
- Má bhunaítear gur muirearaíodh Dochar Díreach neamhúdaraithe ar do chuntas, tá rathaíocht agat go n-aisíocfaidh do Bhanc láithreach as na méideanna a muirearaíodh sa chás go gcuireann tú do Bhanc ar an eolas gan mhoill nuair a thagann tú ar an Dochar Díreach neamhúdaraithe, agus ar aon tslí, níos luaithe ná 13 mí i ndiaidh an dáta gur muirearaíodh an Dochar Díreach ar do chuntas.
- Tá tú i dteideal iarraidh ar aisíocaíocht d'aon Dochar Díreach Athraitheach sa chás gur sáraíodh an méid lena raibh tú ag súil go réasúnta, faoi réir iarraidh ar an mBanc laistigh de thréimhse 8 seachtain ón dáta gur muirearaíodh an Dochar Díreach sin ar do chuntas.
- Is féidir leat treoir a thabhairt do do Bhanc chun íocaíocht Dochair Dhírigh a dhiúltú trí scríobh chuig do Bhanc in am trátha.
- Is féidir leat an Treoir um Dhochar Díreach a chealú tríd é sin a chur in iúl do do Bhanc in am trátha.

Síniú Dáta

Nótaí chun Foirm Chlárúcháin an Mhuirir Theaghlaigh a Chomhlánú – HC12N

I gcomhlánú na foirme, úsáid **BLOCLITREACHA.** Scríobh go soiléir agus go cruinn laistigh de na boscaí. **NÁ CEANGAIL** do scríbhneoireacht.

A – UPSP / Uimhir Ioncaim Chánach (TRN):

Má tá do thír chónaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann agus muna bhfuil Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) / Uimhir Ioncaim Chánach (TRN) agat, cuir tic sa bhosca chun é sin a dhaingniú le do thoil.

Tá UPSP (glaotar uimhir Ioncaim agus Árachais Shóisialaigh (IAS) air freisin) ar leith ag gach duine indibhidiúil agus úsáidtear í chun daoine indibhidiúla le hainmneacha agus seoltaí cosúla a idirdhealú ón a chéile. Sainaithnítear an UPSP de ghnáth ar ráitis cánach agus leasa shóisialaigh agus ar P60í. Muna bhfuil UPSP agat, más é do thoil é, déan teagmháil le d'oifig áitiúil den Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá úsáid an UPSP á rialú ag an dlí. Tá an Cód Cleachtais UPSP le fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus ar a láithreán gréasáin (www.welfare.ie).

Uimhir Ioncaim Chánach (TRN) – Tá gach cuideachta atá cláraithe in Éirinn faoi dhliteanas cánach go huathoibríoch agus dá bhrí sin, tá uimhir ioncaim chánach aici.

B - SONRAÍ ÚINÉARA RÉADMHAOINE CÓNAITHE

Más é do thoil é, déan deimhin de go gcuireann tú seoladh comhfhreagrais isteach toisc nuair a phróisealfar d'fhoirm, seolfar admháil amach chuig an seoladh seo.

Má ionadaíonn tú cuideachta nó eagraíocht cuir isteach Ainm na Cuideachta agus ainm teagmhála don chuideachta le do thoil.

Má tá an réadmhaoin faoi chomhúinéireacht, má dhéanann comhúinéir amháin íocaíocht, urscaoileann sé sin dliteanas na gcomhúinéirí go léir. Soláthraigh sonraí AON úinéara amháin le do thoil.

C - SECURITY QUESTION: C – CEIST SLÁNDÁLA:

Tá an cheist slándála deartha chun an fhaisnéis a sholáthraigh tú a chosaint agus is féidir go n-iarrfar ort í sa todhchaí chun d'aitheantas a fhíorú.

D – IONAID RÉADMHAOINE LE CLÁRÚ:

Más é do thoil é, roghnaigh "Ba Liom" nó "Níor Liom" taobh leis an gceist – Ar leat an réadmhaoin seo ar 01/01/2012? Léirigh cén cineál soláthair uisce atá ag gach ionad réadmhaoine – Cónasc le: Grúpscéim, Príomhlínte Poiblí, Tobar Príobháideach nó gan soláthar uisce trí phíopaí.

TARSCAOILTÍ

Forlíonadh Ús Morgáiste

Forálann an reachtaíocht go bhfuil úinéir réadmhaoine cónaithe atá i dteideal forlíonta úis mhorgáiste a fháil i dtaobh na réadmhaoine cónaithe sin ar an dáta dlite (1 Eanáir) i dteideal tarscaoilte ó íocaíocht an Mhuirir Theaghlaigh i dtaobh na réadmhaoine sin don bhliain sin. Más é do thoil é, tabhair faoi deara go gcaithfidh daoine mar sin an dearbhú a chomhlánú chun éileamh ar an tarscaoileadh.

Más é do thoil é, tabhair faoi deara go bhfíorófar na héilimh go léir ar tharscaoileadh in aghaidh na sonraí atá á gcoinneáil ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Féadfaidh daoine a dhéanann dearbhuithe bréagacha nó míthreoracha a bheith faoi dhliteanas píonós de réir na reachtaíochta.

Muna bhfuil tú cinnte maidir le do theidlíocht forlíonta úis mhorgáiste, más é do thoil é, déan teagmháil le d'Oifigeach Leasa Pobail áitiúil, an Roinn Coimirce Sóisialaí; Tá sonraí teagmhála le fáil ó;
http://www.welfare.ie/EN/ContactUs/Pages/cwo_contact.aspx

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Forálann an reachtaíocht go bhfuil úinéir d'ionad réadmhaoine cónaithe atá lonnaithe in eastát neamhchríochnaithe, de réir na brí atá san Acht Rialtais Áitiúil (Muirir Theaghlaigh) 2011, ar an dáta dlite (1 Eanáir) i dteideal tarscaoilte ó íocaíocht an Mhuirir Theaghlaigh i dtaobh na réadmhaoine don bhliain sin. Más é do thoil é, tabhair faoi deara go gcaithfidh úinéirí mar seo an dearbhú a chomhlánú chun éileamh ar an tarscaoileadh.

Má tá tú in amhras faoi do theidlíocht chun éileamh ar tharscaoileadh faoin bhforáil seo, más é do thoil é déan teagmháil le:

Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe (UHE)

Ainm na Rannóige: Rannóg Pholasaí Pleanála & Tithíochta, Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Uimhir Theagmhála: 053-9117300
Seoladh Ríomhphoist: Planning&Housing@environ.ie
Sonraí ar eastáit: www.householdcharge.ie

Más é do thoil é, tabhair faoi deara go mbeidh na héilimh go léir ar tharscaoileadh le fíorú in aghaidh na sonraí atá á gcoinneáil ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Féadfar go ndlífear píonóis ar dhaoine a dhéanann dearbhuithe bréagacha nó míthreoracha faoin reachtaíocht.

E – DEARBHÚ & SÍNIÚ
Caithfear an fhoirm dearbhaithe seo a bheith sínithe ag an úinéir (nó ag comhúinéir amháin má tá an réadmhaoin faoi chomhúinéireacht) na réadmhaoine nó ag a/a g(h)níomhaire údaraithe agus dátaithe nuair a shínítear í.

F – SONRAÍ ÍOCAÍOCHTA:
Is é an muirear teaghlaigh atá iníoctha i 2012 ná €100 in aghaidh réadmhaoine cónaithe. Áiríonn cineálacha íocaíochta Seic, Dréacht Bainc agus Ordú Poist iníoctha do 'Muirear Teaghlaigh'. Glactar le híocaíocht Cárta Creidmheasa/Léasair freisin. Le haghaidh eolais ar Dhochar Díreach, féach ar nóta G thíos le do thoil. Glacfar le híocaíochtaí EURO amháin.

Muna n-íoctar muirear teaghlaigh roimh nó ar 31 Márta, tá foráil san Acht go mbeidh táille íocaíochta déanaí agus ús íocaíochta déanaí i bhfeidhm le linn na tréimhse go bhfuil an muirear teaghlaigh neamhíoctha. Tá na táillí íocaíochta déanaí agus an t-ús íocaíochta déanaí a bheidh i bhfeidhm leagtha amach sna hailt a) agus b) thíos.

a) Táille Íocaíochta Déanaí
(i) 10% den mhéid atá fós amuigh i dtaobh an mhuirir theaghlaigh neamhíoctha sa chás go n-íoctar an muirear teaghlaigh roimh sé mhí i ndiaidh an dáta dlite
Nó
(ii) 20% den mhéid atá fós amuigh i dtaobh an mhuirir theaghlaigh neamhíoctha sa chás go n-íoctar é níos déanaí ná sé mhí agus roimh 12 mí i ndiaidh an dáta dlite
Nó
(iii) 30% den mhéid atá fós amuigh i dtaobh an mhuirir theaghlaigh neamhíoctha sa chás go n-íoctar é níos déanaí ná 12 mí i ndiaidh an dáta dlite
Agus
b) Ús Íocaíochta Déanaí
Tá ús ar an méid atá fós amuigh i dtaobh muirir theaghlaigh neamhíoctha á ríomh ag rátá de 1% in aghaidh na míosa nó páirt míosa ón dáta dlite, go dtí go ndéantar íocaíocht don mhuirear teaghlaigh.

G –ROGHA DOCHAIR DHÍRIGH

- Cinntigh gur chuir tú do Chód Sórtála Bainc agus d'uimhir cuntais Bainc isteach i gceart
- Cinntigh gur dhaingnigh tú na sonraí a bhaineann le gach ceann den cheithre thicbhosca
- Cinntigh gur shínigh tú agus gur dhátaigh tú an fhoirm Sainordaithe

NÓTAÍ GINEARÁLTA:
Roimh an fhoirm a sheoladh, cinntigh gur áirigh tú an fhaisnéis seo a leanas le do thoil:
- UPSP/TRN, más infheidhmithe
- Ainm úinéara agus seoladh comhfhreagrais
- Sonraí na n-ionad réadmhaoine le clárú
- Tá an dearbhú sínithe agus dátaithe agat
- Chuir tú an íocaíocht cheart isteach nó sholáthraigh tú na sonraí íocaíochta i gCuid F nó chomhlánaigh tú an sainordú dochair dhírigh i gCuid G
- Cinntigh go bhfuil na bileoga scaoilte go léir stápláilte le chéile le do tho il

---

TÁ AN FHAISNÉIS THUAS AG TEASTÁIL CHUN D'FHOIRM A PHRÓISEÁIL. SEOLFAR FOIRMEACHA NEAMHCHOMHLÁNAITHE AR AIS CHUGAT.

Más é do thoil é, Seol foirm chomhlánaithe sa phost chuig: Muirear Teaghlaigh, Bosca Oifig Phoist 12168, Baile Átha Cliath 1

NÓTA: Mar rogha eile, chun Clárú Ar Líne téigh go www.householdcharge.ie

Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh in oifig do Chomhairle Chontae / Cathrach ar feadh tréimhse trí mhí ó 1 Eanáir go Márta 31 2012 le linn gnáthuaireanta oifige.

NÓTA: Úsáidfear sonraí clárúcháin a bailíodh ag an Muirear Teaghlaigh (HC) de réir forálacha an Achta Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011 agus de réir aon reachtaíochta ábhartha eile.